**Dianchonair Fhéideartha an Inspreagtha in Oideachas Múinteoirí an Tumoideachais**

**[Potential Powerful Pathways of Motivation in Immersion Teacher Education]**

Caoileann Ní Dhonnchadha, Institiúid Oideachais Marino, Éire

Karen Ní Chlochasaigh, Coláiste Mhuire gan Smál, Éire

T.J. Ó Ceallaigh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Éire

## Achoimre

Aithnítear riachtanas an inspreagtha má tá foghlaimeoirí chun inniúlacht teanga mar aon le spriocanna teagaisc agus foghlama na teanga a bhaint amach go fadtréimhseach. Díríonn an páipéar seo ar an Sruth Inspreagtha Dírithe (SID) nó *Directed Motivational Current* (*DMC*) mar a thugtar air i mBéarla. Is coincheap é seo atá sách nua i ngort taighde an inspreagtha i sealbhú an dara teanga agus atá úrnua i gcás na Gaeilge agus an tumoideachais in Éirinn. Cé gur gort neamhfhorbartha taighde é seo go fóill, is inspreagadh ardchumhachtach ar leith é an SID agus tugann fianaise eimpíreach ó roinnt staidéir le fios go mbaineann an SID le cláir oideachais do mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge. Tugann an páipéar seo spléachadh ar éabhlóid an SID sa litríocht i gcomhthéacs foghlaim teangacha, déantar saintréithe an SID a iniúchadh agus bearnaí taighde a aithint. Ag baint úsáid as modhanna measctha, léiríonn torthaí an staidéir seo go bhfuil lorg SID na Gaeilge le sonrú in eispéireas na n-ábhar oidí bunchéime agus na n-oidí reatha iarchéime atá ag tabhairt faoi chlár oideachas tosaigh múinteoirí agus faoi chlár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí trí mheán na Gaeilge mar chuid de chur i bhfeidhm an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022*. Maítear sa staidéar seo go bhfuil géarghá le huirlis chumhachtach inspreagtha bunaithe ar na torthaí seo chun bá inbhuanaithe don Ghaeilge a chothú i measc múinteoirí na tíre agus, mar thoradh, ina gcuid daltaí. Áitíonn na húdair go bhfuil féidearthachtaí láidre ag baint le coincheap an SID chun an sprioc seo a bhaint amach. Sa pháipéar seo, tógtar an chéad chéim i dtreo forbairt fráma teoiriciúil atá in oiriúint do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge nó trí mheán na Gaeilge.

**Eochairfhocal**: inspreagadh [motivation], Sruth Inspreagtha Dírithe (SID) [Directed Motivational Current (DMC)], sealbhú an dara teanga [Second Language Acquisition (SLA)], oiliúint múinteoirí [teacher eductaion]

## Abstract

*Motivation is essential for attaining language proficiency and achieving long-term language teaching and learning goals. This paper explores the concept of Directed Motivational Current (DMC), a relatively novel idea in motivation studies in Second Language Aquisition (SLA) and particularly recent in the context of Irish language learning and Irish-medium education. DMC represents a powerful type of motivation and has been empirically reported in the unique experiences of participants of Irish language teacher education programmes, although this area remains underexplored. The paper reports on the development, characteristics and theoretical framework of DMCs in SLA, while acknowledging existing gaps in research. Through a mixed methods approach, this study examines the presence of*

*DMCs in the lived experiences of both pre-service and in-service teachers undergoing initial teacher education and ongoing professional development in teacher education through the medium of Irish as part of the implementation of the 'Policy on Gaeltacht Education 2017-2022'. The findings suggest the significance of a motivational framework tailored to Irish language learning within teacher education programs, as it directly influences classroom practice and student outcomes. The authors argue for the potential of the DMC framework to ignite robust motivational pathways within teacher education, thus fostering sustainable language learning practices and positively impacting student achievement in schools.*

## Réamhrá

Ní féidir a shéanadh go bhfuiltear ag brath go mór ar mhúinteoirí chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn (Armstrong, 2012; Harris et al., 2006). Bíonn baint dhíreach ag an múinteoir leis an spreagadh a fhaigheann duine chun an teanga a fhoghlaim (Ní Chlochasaigh, 2014; Ní Dhonnchadha, 2021; Ó Duibhir, 2009). Is é an seomra ranga an phríomhfhoinse teagmhála leis an teanga, cé gur údar buairimh é leibhéal íseal inspreagtha agus úsáid na teanga i measc daltaí scoile (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2019; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh, 2021). Tuigtear an ríthábhacht a bhaineann leis an inspreagadh mar athróg lárnach i sealbhú rathúil agus taitneamhach an dara teanga agus i sealbhú na Gaeilge mar dhara teanga (Dörnyei, 2009; Flynn, 2020; Ní Chlochasaigh, 2014). Is athróg riachtanach é an t-inspreagadh chun inniúlacht teanga agus spriocanna foghlama fadtréimhseacha a bhaint amach (Al-Hoorie & MacIntyre, 2019; Ní Chlochasaigh, 2020). Dá bhféadfaí tuiscint a fháil ar na cúinsí a spreagann múinteoirí agus ábhar oidí ar bhealach cumhachtach ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de, bheifí in ann inspreagadh cumhachtach agus inbhuanaithe a chur chun cinn in oiliúint múinteoirí trí leas a bhaint as fráma inspreagtha ábhartha, rud a chuirfeadh le cleachtas gairmiúil agus le foghlaim na Gaeilge i scoileanna mar thoradh. Níl údáir an pháipéir seo ag maíomh go bhfuil fráma ar leith deartha acu maidir le hinspreagadh na Gaeilge. Baineann an páipéar seo leis an gcéad chéim chun fráma dá leithéid a thiomsú, is é sin, lorg an inspreagtha eisceachtúil seo i leith na Gaeilge a aithint ar chláir oideachais tríú leibhéal.


## Comhthéacs an Staidéir

D’eascair bunchéim bhunmhúinteoireachta agus céim mháistreachta san oideachas trí mheán na Gaeilge as an *bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022*, polasaí a dréachtadh chun dul i ngleic le soláthar múinteoirí a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu agus chun daltaí a spreagadh i dtaca leis an teanga (An Roinn Oideachais & Scileanna, 2016). Scrúdaítear taithí na n-ábhar oidí bunchéime agus na múinteoirí atá i mbun máistreachta san oideachas sa taighde seo chun tuiscint a fháil ar fhéidearthachtaí inspreagtha chumhachtaigh i leith na Gaeilge ar chontanam na hoiliúna de réir mhúnla na Comhairle Múinteoireachta (2016; 2017; 2020).

Léiríonn an taighde seo réimse leathan inspreagtha na rannpháirtithe i measc ábhar oidí agus múinteoirí a bhfuil taithí na mblianta acu chomh maith le taithí éagsúil teanga, idir chainteoirí dúchais, úsáideoirí neamhspleácha agus úsáideoirí cumasacha na teanga (Comhairle na hEorpa, 2020). Is gá go mbainfidh an dá chohórt spriocleibhéal C1 (Inniúlacht Máistreachta – Ardleibhéal) amach ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) [1] ar chríochnú an chláir dóibh.

**Fíor 1**

***Spriocleibhéal CTET chun inniúlacht an mhúinteora a fhorbairt ar bhonn réamhsheirbhíse agus inseirbhíse***




[1] Caighdeán idirnáisiúnta chun cur síos a dhéanamh ar chumas teanga.

Is léachtóirí de chuid an dá chlár faoi seach iad údáir an pháipéir seo. Aithníodh an t-inspreagadh láidir a bhí ag mic léinn bunchéime (Ní Dhonnchadha, 2021) agus mic léinn iarchéime (Ní Chlochasaigh agus Ó Ceallaigh, 2023) i leith na Gaeilge agus theastaigh ó na taighdeoirí féidearthachtaí SID na Gaeilge a fhiosrú i measc a gcuid mac léinn. Tagann an cur chuige seo le hobair taighdeoirí eile a thug faoi staidéir lena gcuid mac léinn maidir le SIDanna agus teangacha (Koné, 2021; Murillo-Miranda, 2019).

## Inspreagadh Cumhachtach ar Leith

Déantar cur síos i ngort taighde an inspreagtha ar choincheap ar a dtugtar *Directed Motivational Current* mar inspreagadh eisceachtúil: borradh díocasach inspreagtha a thacaíonn le hiompar fadtéarmach a ghríosú, cosúil le dara teanga a fhoghlaim (Dörnyei et al., 2014a). Molann údair an pháipéir seo an 'Sruth Inspreagtha Dírithe (SID)' a thabhairt ar an gcoincheap seo i nGaeilge. Baineann croílár an SID le fís nó le huaillsprioc atá pearsanta agus tábhachtach don duine. I gcomhthéacs teanga a fhoghlaim, maíonn Muir (2020) go bhfuil an sprioc seo le fáil go smior sa duine féin. Tugann spriocanna an duine aonair nó grúpa daoine atá i mbun an SID chun cinn ag ráta ar leith agus bíonn an chuma ar an scéal nach bhfuil stró ar bith ag baint leis na spriocanna atá a mbaint amach ag an té atá i mbun an SID (Muir & Gümüş, 2020).

## An Sruth Inspreagtha Dírithe: Cad a deir an litríocht?

Chonacthas an SID ag teacht chun cinn den chéad uair i dtaighde de chuid Muir agus Dörnyei (2013) agus Dörnyei, Muir agus Ibrahim (2014a), amlíne a léiríonn úire an choincheapa. É sin ráite, tá lorg an SID le feiceáil i gcuntais eile thar na blianta (Adler, 1981; Lepp-Kaethler & Dörnyei, 2013 agus Harber et al., 2003, uile luaite in Muir, 2020). Tá gnéithe de theoiric an SID le feiceáil sa litríocht le blianta anuas, is é sin, 'Teoiric Socraithe Spriocanna' (Locke

& Latham, 1990), ‘Dearcadh an Todhchaí’ (Zimbardo & Boyd, 1999), ‘An Teoiric Srutha’ (Csikszentmihalyi, 1988) agus ‘An Teoiric Fhéintreoraithe’ (Deci & Ryan, 1985).

Deir Dörnyei et al. (2014a) gur dianchonair inspreagtha é an SID trína dtagann nithe áirithe le chéile chun spreagadh a thabhairt don duine tabhairt faoi sprioc nó fís áirithe atá tábhachtach dá fhéiniúlacht agus a chothaíonn sásamh mothúchánach dó. Áitíonn na húdair go nochtar an SID i nduine mar gheall ar na nósanna iompair atriallacha a bhíonn ar bun aige agus go dtreoraíonn na nósanna seo iad i dtreo na huaillsprice, “the outworking of the initial motive becomes part of the energy source itself” (Dörnyei et al., 2016, lch. xii).

Tugann taighde eimpíreach maidir leis an SID le fios go bhfuil trí ghné aitheanta ag baint leis an SID (Henry et al., 2015; Murillo-Miranda, 2019; Safdari & Maftoon, 2017; Sak, 2019) mar atá léirithe i dTábla 1 thíos.

**Tábla 1**

***Gnéithe aitheanta an SID de réir an Taighde***

| **Gnéithe aitheanta an SID** | |
|---|---|
| **Spriocdhírithe/Físdírithe** | Sprioc shoiléir/gníomh atá treoraithe ag fís |
| **Struchtúr suntasach/ Struchtúr éascaitheach** | Túsphointe soiléir |
| | Próiseas seiceála rialta maidir le dul chun cinn na huaillsprice |
| | Pointe deiridh soiléir |
| **Mothúchánacht dhearfach** | Baintear taitneamh as próiseas/gníomhaíochtaí a chabhraíonn le duine sprioc/fís a bhaint amach |

Maíonn Jahedizadeh agus Al-Hoorie (2021) gur léirigh réimse staidéir a dhírigh ar dhaoine a bhí i mbun an SID nach raibh príomhghnéithe uile an SID á léiriú acu, rud a chiallaíonn go bhfuil éiginnteacht ag baint leis na príomhghnéithe molta seo. Thug Jahedizadeh agus Al-

Hoorie (2021, lch. 518) le fios gur cheart 'sruth leanúnach' nó *sustained flow* a thabhairt ar an SID, moladh a thagann le tuiscint Dörnyei et al. (2016) maidir leis an gcaoi a mbaineann an SID le próiseas thar thréimhse ama ina dtugann duine faoi réimse tascanna chun sprioc/fís a bhaint amach. Ina theannta sin, is léir go bhfuil easnamh ar thaighde maidir le SID na Gaeilge le hais na mórtheangacha a ndearnadh iniúchadh orthu sa taighde a rinneadh go dtí seo (Henry et al, 2015; Koné, 2021; Murillo-Miranda, 2019). Is é is aidhm don pháipéar seo an bearna taighde sin a líonadh.

## Modheolaíocht an Taighde

Déantar cur síos ar an bpríomhcheist taighde mar seo a leanas:

> An bhfuil lorg an SID le léiriú ar an dá chlár san oideachas lán-Ghaeilge de réir ghnéithe aitheanta an SID?

Is trí lionsa na paraidíme léirmhínithí a rinneadh an taighde, paraidím a thugann léargas ar ábhar ó eispéireas na hindibhide a bhfuil an taighde bunaithe air. Sa chás seo, rinneadh iniúchadh ar eispéireas tumoideachaseoirí faoi oiliúint thosaigh agus iad siúd atá ag tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil. Úsáideadh modhanna measctha, idir mhodhanna cainníochtúla (ceistneoir) agus mhodhanna cáilíochtúla (agallaimh), don staidéar chun peirspictíocht níos leithne a fháil ar eispéiris bheo na rannpháirtithe (Mertens 2005).

Aithnítear na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag idirghaol na dtaighdeoirí agus claontacht an taighdeora ar an staidéar. Tá nasc gairmiúil ag na taighdeoirí leis an dá chlár agus aithnítear an baol go bhféadfadh brú a bheith ar rannpháirtithe páirt a ghlacadh sa taighde. Cuireadh cleachtadh athmhachnamhach i bhfeidhm chun rioscaí mar seo a aithint agus a laghdú. Casadh lionsa an taighde siar orainn féin mar thaighdeoirí agus rinneadh iarracht ár seasamh taobh istigh den taighde a aithint trí phlé athmhachnamhach i measc na dtaighdeoirí le linn bailiú agus anailísiú sonraí chun cáilíocht agus iontaofacht a chinntiú sa

taighde chomh maith le claontacht a ísliú (Berger, 2015, lch. 220). Bronnadh cead eitice ar an taighde ón dá institiúid a raibh páirt acu sa taighde.

Baineadh úsáid as sampláil chuspóiriúil chun cohórt mac léinn a bhí oiriúnach do na critéir samplála a shásamh, is é sin, múinteoirí faoi oiliúint nó múinteoirí atá ag tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Bhí ráta freagartha 100% ag an ngrúpa bunchéime (n=21) agus ráta freagartha 60% ag an ngrúpa iarchéime (n=6) ar an gceistneoir. Tugadh cuireadh do ghrúpa mac léinn, a léirigh tréithe an SID de réir an fhráma theoiriciúil atá leagtha amach sa litríocht thuas, páirt a ghlacadh in agallamh leathstruchtúrtha (n=4) – beirt ag leibhéal na bunchéime, beirt ag leibhéal na hiarchéime agus i ngrúpa fócais ag leibhéal na bunchéime amháin. Measadh gur leor é seo do shampla bailí toisc nach mbeifí ag súil leis go léireodh gach mac léinn tréithe eisceachtúla an SID.

Bunaithe ar cheistneoirí eile sa réimse (Dörnyei 2003; Dunne 2019; Ní Chlochasaigh 2014), rinneadh an ceistneoir trí *MS Forms* agus rinneadh iniúchadh ar na nithe seo a leanas:

1. Cúlra agus próifíl na rannpháirtithe mar chleachtóirí oideachais i suíomh lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
2. Na réimsí inspreagtha a bhaineann le turas foghlama an tumoide.
3. Dianchonair an inspreagtha faoi láthair agus sa todhchaí.

Iarradh ar rannpháirtithe tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an inspreagadh cumhachtach agus ar thréithe an SID in agallamh leathstruchtúrtha ar *MS Teams*. Ligeadh do na rannpháirtithe an comhrá a stiúradh chun fíorléargas a fháil ar a n-eispéiris (Howitt, 2019; Tracy, 2019).

Baineadh úsáid as MS Excel chun anailís a dhéanamh ar thorthaí cainníochtúla an staidéir agus chun leas a bhaint as sé chéim den anailís théamach ag Braun agus Clarke (2006) ar thorthaí cáilíochtúla an staidéir chun téamaí a aithint agus códú a dhéanamh. Mhair an staidéar thar thréimhse bliana acadúil (2023/24).

## Torthaí an Taighde

Déanfar plé ar na torthaí de réir grúpa (bunchéim agus iarchéim) faoi thrí théama ar leith a aithníodh i ngnéithe aitheanta an SID sa litríocht. Cé go bpléifear leis an dá ghrúpa go neamhspleách ar a chéile, bainfear tátal as torthaí an dá ghrúpa chun conclúid agus moltaí a dhéanamh bunaithe ar thorthaí uile an taighde.

### Spriocdhírithe/Físdírithe

Thug 100% de na mic léinn ar an mbunchéim trí Ghaeilge le fios gurbh í an bhunchéim trí Ghaeilge an chéad rogha a bhí acu agus iad ag plé leis an lár-oifig iontrála. Léirigh plé i ngrúpa fócais na mac léinn gur theastaigh ó mhic léinn difríocht a dhéanamh i dtaobh na Gaeilge, rud a léiríonn sprioc/fís an-láidir:

> **Faisnéiseoir 6**: *Bhuel, nach bhfuil chuile duine againn ag iarraidh Gaeilge a spreagadh agus a mhúscailt i measc páistí óga amach anseo?*[2]

(Grúpa fócais BC)

Tagann sé seo le tuiscint mhac léinn D chomh maith inar sonraíodh gur chreid sé gur bhain sprioc i leith na Gaeilge leis na mic léinn ar fad ar an gcúrsa:

> **Taighdeoir:** *An bhfuil tú ag iarraidh difríocht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge?*
>
> **Faisnéiseoir:** *Nach bhfuil gach duine ar an gcúrsa seo? Tá chuile dhuine ag iarraidh an difríocht ollmhór [a dhéanamh]*

(Agallamh BC: D)

[2] Scríobhadh freagraí na rannpháirtithe amach focal ar fhocal agus tá botúin litrithe iontu.

Thug 14.3% de mhic léinn le fios gur roghnaigh siad an chéim de bharr deiseanna fostaíochta ach bhí spriocanna soiléire eile aitheanta ag roinnt mac léinn:

> *Ba mhaith liom caighdeán ard Ghaeilge a thabhairt go dtí an chéad glúin eile*
>
> *Grá don teanga ach chomh maith leis sin, theastaigh uaim dúshlán a thabhairt dom féin agus mo chuid Gaeilge a fheabhsú*

(Ceistneoir BC)

Ba léir go raibh an fhís ba láidre i leith na Gaeilge ag mac léinn A, le hais na mac léinn eile ar an mbunchéim, a bhí in ann a shaol a shamhlú trí mheán na Gaeilge. Deir Dörnyei agus Kubanyiova (2014) gurb é an táscaire is fearr chun dul chun cinn foghlaimeoirí a thuar ná an fhís atá ag foghlaimeoirí dóibh féin sa todhchaí:

> *Ba mhaith liom páirt a bheith agam sa bpobal agus a bheith ag plé le himeachtaí…fiú i gceantar Béarla ba mhaith liom rud éigint a dhéanamh más ranganna a chuir ar siúl nó ciorcal comhrá a thosú nó rud éigint nó fiú, Gaelscoil a bhunú mura bhfuil ceann ann.*

(Agallaimh BC: A)

Bhí fís agus sprioc shoiléir i leith na Gaeilge ag mac léinn D chomh maith, is é sin, an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na chéad ghlúine eile:

> *Táim ag iarraidh a bheith i mo bhunmhúinteoir ach trí mheán na Gaeilge, fiú más rud é amach anseo go mbeadh orm post a fháil i scoil a dhéanann an teagaisc trí Bhéarla, beidh sé i gcónaí ar intinn agam an Ghaeilge a chur chun cinn agus meon dearfach i leith na Gaeilge a chruthú i measc na daltaí sin.*

(Agallamh BC: D)

D'fhéadfaí a áiteamh go raibh mic léinn ag tabhairt faoin gcéim chun uaillsprioc de shaghas éigin a bhaint amach ó thaobh na Gaeilge. Léirigh 33.3% de mhic léinn na bunchéime trí

Ghaeilge go raibh sé tábhachtach Gaeilge a labhairt de bharr cúrsaí féiniúlachta. Maíonn Dörnyei et al. (2014b) gur riachtanais atá in úinéireacht an rannpháirtithe maidir lena sprioc/fís agus iad i mbun an SID. Tagann an ghné phearsanta agus an fhéiniúlacht a bhaineann le sprioc nó fís an SID ó thaobh na Gaeilge de leis seo.

Ag leibhéal na hiarchéime, léiríodh fís agus sprioc shoiléir i measc mic léinn ollscoile a roghnaigh tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil leanúnach ag leibhéal máistreachta. Bíonn tiomantas nach beag de dhíth ag mic léinn iarchéime a bhíonn ag obair go lánaimseartha agus ag staidéar chun tabhairt faoi chlár agus ag leanúint clár oibre. Léirigh anailís na gceistneoirí go raibh raon cúiseanna a spreag mic léinn chun tabhairt faoin gclár, .i. forbairt ghairmiúil, moladh a fháil ó chomhghleacaithe, cur le saineolas sa ghort agus inniúlacht sa teanga a fhorbairt. Sonraíodh sna hagallaimh go gcuireann rannpháirtíocht ghairmiúil i bpobal cleachtais spreagadh agus tacaíocht sheachtrach ar fáil chun dul i dtreo an chinnidh agus ar an turas foghlama:

> *Dúirt X (comhghleacaí) liom 'Dá mbeinn ag cur liosta le chéile de na daoine a bheadh oiriúnach don chlár seo, bheifeá an-chóngarach do bharr an liosta'. Ag an am sin bhraitheas go raibh sé in am dom cur isteach air*
>
> (Agallamh IC: B)

Léirigh sonraí cáilíochtúla ó cheisteanna oscailte an cheistneora agus agallaimh go raibh fís an-chumhachtach ag baint le cur le bonn eolais an mhúinteora ó thaobh teoirice agus oideolaíocht an tumoideachais, inniúlacht teanga an mhúinteora agus a gcuid daltaí, cruinneas na teanga a fhorbairt, cleachtas fianaise agus taighdebhunaithe agus an teoiric a chur i bhfeidhm go hábhartha agus go praiticiúil sa seomra ranga:

> *Sa ról atá agam, bím ag dul timpeall ó scoil go scoil ag iarraidh cabhrú leo an curaclam a chur i bhfeidhm agus teastaíonn uait a chinntiú go bhfuil an t-eolas agus*

*an taighde is déanaí agat agus go bhfuil an méid atá á plé agat leis na múinteoirí i gceart.*

(Agallamh IC: B)

*Tugann sé an-mhuinín dom, bím ag ceartú na daltaí go laethúil, gach uair an chloig ar an uair an chloig. Teastaíonn uaim a chinntiú go bhfuil an rud ceart a rá agamsa ar dtús*.

(Agallamh IC: A)

Is léir ón aiseolas ceartaitheach gurb ionann an fonn a bheith cruinn agus forbairt a dhéanamh ar an gcruinneas teanga agus fís i gcás mhac léinn iarchéime A agus an roinnt eolais mar chuid de phobal cleachtais i gcás mhac léinn iarchéime B. Tugann sonraí an taighde le fios nach fís i leith ardcháilíocht inmhianaithe a spreagann an té atá thar a bheith spreagtha. Sonraíodh spriocanna eile gairmdhírithe ar nós téacsleabhar ábhair a fhoilsiú i nGaeilge, freastal ar riachtanais daltaí agus cur chuige don fhoghlaim fadsaoil mar spriocanna leanúnacha eile an inspreagtha in eispéireas an SID:

*Ba mhaith liom leabhar X (ábhar) a scríobh i nGaeilge bunaithe ar na nótaí atá agam…tá sé náireach go mbíonn gach rud le haistriú*.

(Agallamh IC: A)

*Tar éis dom na naíonáin bheaga a mhúineadh ar feadh cúpla bliain, bhrath mé nach raibh mé ag freastal ar riachtanais na bpáistí ar ardchaighdeán sa rang. Thug mé faoi deara go raibh lagú ag teacht ar chaighdeán Gaeilge cuid de na páistí nó bhí siad ag tiontú ar an mBéarla. Chuir seo díomá orm. Tá mé spreagtha le haghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo..*

(Ceistneoir IC: 3)

Is daoine oilte a bhfuil taithí ghairmiúil leathan acu iad na rannpháirtithe iarchéime a bhíonn ag plé le ról casta an tumoideachasóra ar bhonn laethúil. D'fhéadfadh go mbeadh máistreacht

eile acu ach, ina ainneoin sin, spreagtar iad tabhairt faoin gclár iarchéime ar a bhfuil an taighde seo bunaithe ar chúiseanna a bhaineann le sainriachtanais:

> *Roghnaítear duine amháin chun Máistreacht sa Litearthacht a dhéanamh in X gach bliain agus roghnaíodh mé chun é a dhéanamh….Bhain mé an méid sin taitneamh agus tairbhe as ach an t-aon rud ná gur bhraitheas ag an am ná gur bhreá liom gach rud a bhí á foghlaim agam a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na Gaelscolaíochta*.
>
> (Agallamh IC: B)

Maidir leis an sprioc atá roimh na rannpháirtithe, is ionann é agus roinnt de na cúiseanna a spreag iad chun cur isteach ar an gclár a léiríonn tréith an leanúnachais san SID:

> *Ba mhaith liom an méid a d'fhoghlaim mé a chur i bhfeidhm agus a roinnt le hoidí eile.*
>
> (Ceistneoir IC: 3)
>
> *Teastaíonn uaim tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí atá ag obair i scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla.*
>
> (Ceistneoir IC: 6)

Feictear anseo go bhfuil an sprioc agus an fhís fhadtréimhseach ag luí lena chéile ó thaobh spriocanna gairmiúla de agus go bhfuil tuiscint forbartha ag baint leis seo ag leibhéal na hiarchéime mar gheall ar an taithí ghairmiúil atá ag na mic léinn seo.

**Struchtúr suntasach/éascaitheach**

Bhí cleachtais rialta ar siúl ag mic léinn ar an mbunchéim taobh amuigh de chúrsaí acadúla chun cur lena gcumas agus lena gcaighdeán Gaeilge chomh maith. Léirigh torthaí an cheistneora na nithe seo a leanas:

- Léigh 42.9% de na mic léinn ábhar éagsúil i nGaeilge uair sa tseachtain

- D’éist 14.3% de na mic léinn le RnaG gach lá
- Bhreathnaigh 9.5% de na mic léinn ar TG4 gach lá
- Bhain 52.4% de na mic léinn úsáid as an nGaeilge ar na meáin shóisialta gach lá.
- Labhair 28.6% de na mic léinn Gaeilge taobh amuigh den ollscoil gach lá.

Ag leibhéal na hiarchéime, chonacthas go mbíonn na cleachtais seo a leanas ar siúl de réir scileanna éagsúla agus cleachtadh éagsúil teanga:

- Ag léamh ábhar éagsúil i nGaeilge go laethúil
- Ag éisteacht le RnaG/podchraoltaí go seachtainiúil
- Ag breathnú ar TG4 go seachtainiúil
- Ag baint úsáid as an nGaeilge ar na meáin shóisialta go laethúil
- Ag labhairt Gaeilge taobh amuigh den choláiste/scoil go laethúil

I gcás mhac léinn A ag leibhéal na bunchéime, nuair a d’éirigh leis sprioc amháin a bhaint amach ó thaobh na Gaeilge de, spreag rathúlacht na sprice sin é chun tabhairt faoin gcéad sprioc eile. É sin ráite, bhí an cleachtas seo ar siúl aige sular thosaigh sé ar an mbunchéim trí Ghaeilge:

> *Ag an tús, dúirt mé liom féin, má éiríonn liom Gaeilge a thuiscint ach mura mbeidh mé in ann í a labhairt go mbeidh mé ceart go leor leis sin…de réir mar a d’fhoghlaim mé níos mó bhí mé ag fáil níos muiníní agus bhí mé ag rá liom féin go bhféadfadh mé í a labhairt.*

(Agallamh BC: A)

Bhí nósanna iompair rialta i bhfeidhm ag mac léinn A chun feabhas a chur ar a chuid Gaeilge idir staidéar agus ag éisteacht leis an raidió:

*Bhíodh mé ag éisteacht leis an raidió chuile lá tar éis na scoile, cé nár thuig mé tada ar an raidió ach an oiread ach bhínn ag éisteacht leis chun dul i gcleachtadh ar an gcaint is dóigh*

(Agallamh BC: A)

Thug mac léinn D le fios go raibh páirt lárnach ag an nGaeilge ina shaol cé nach raibh sé/sí in ann Gaeilge a labhairt le haon duine sa bhaile, bhí sé ag obair ar a chuid Gaeilge ar bhonn laethúil de bharr na bunchéime:

*Labhraím Béarla le mo chlann ach suím anseo os comhair ríomhaire ag labhairt ón 9 ar maidin go dtí 6 tráthnóna, ag labhairt agus ag teagasc agus ag foghlaim trí mheán na Gaeilge, léim leabhair Ghaeilge, bím tógtha leis an ngramadach, caithim leath de mo shaol pearsanta trí mheán na Ghaeilge fiú go gcónaím i gceantar Béarla***.**

(Agallamh BC: D)

Creidtear go raibh an bhunchéim ag feidhmiú mar phróiseas seiceála rialta maidir le forbairt i dtreo na huaillsprice do mhac léinn D agus cothaíodh nósanna iompair rialta de bharr go gcaithfí tabhairt faoi léachtaí, tascanna, aistí, srl. ar bhonn rialta.

Pléadh thuas go raibh fís an-soiléir ag duine de na rannpháirtithe taighde iarchéime i leith cúrsaí cruinnis a fheabhsú agus feictear anseo go bhfeidhmíonn an fhís seo leis an monatóireacht agus éascaitheoireacht struchtúrtha a chuirtear i bhfeidhm san SID nuair a bhíonn an fhís chomh dírithe sin ar ghné ar leith:

*Nuair a bhím ag déanamh mo chuid nótaí féin, bím ag iarraidh gach rud a sheiceáil agus a athsheiceáil. Bhíodh sé de nós agam i gcónaí ach táim fachta an-aireach ag cinntiú nach bhfuil aon droch-Ghaelainn in úsáid agam*

(Agallamh IC: A)

Is léir go bhfuil cleachtas foirmdhírithe forbartha ina chleachtas féin mar fhoghlaimeoir ar an gcontanam foghlama teanga i dtreo leibhéal C1 den CTET. Tá struchtúr suntasach curtha i bhfeidhm sa chleachtas ionas go mbeidh tionchar ag forbairt ghairmiúil an mhúinteora ar fhoghlaim na ndaltaí a bhíonn faoina chúram tríd an aiseolas ceartaitheach agus ar thimpeallacht na scoile tríd an bhfoghlaim chomhroinnte:

> *Ní hamháin iad a cheartú ach a mhíniú cad atá mícheart faoin méid atá ráite. Díríonn múinteoirí eile ar scoil 'ceartaigh mé má dhéanaim botún'… Bím aireach iad a cheartú i slí tacúil*

(Agallamh IC: A)

Sonraítear struchtúr suntasach sa chaoi a mbíonn mac léinn B ag cur leis an mbonn eolais sin de réir mar a fhorbraítear féiniúlacht an mhúinteora mar thaighdeoir le linn clár acadúil:

> *Tá tuiscint níos fearr agam anois maidir le haiseolas ceartaitheach, teagasc foirm-dhírithe, ní hamháin an teoiric ach conas é a chur i bhfeidhm go praiticiúil.*

(Agallamh IC: B)

Sa chaoi chéanna a bhfeidhmíonn an fhoghlaim chomhroinnte le mac léinn B mar éascaitheoir, sonraítear go mbíonn an-tionchar ag daoine 'dearfacha agus spreagtha' sa phobal cleachtais mórthimpeall leis an gcur chuige. Tugtar suntas chomh maith do thuras an duine atá i mbun an SID ag na daoine mórthimpeall air:

> *Ní dóigh liom go ndearfadh éinne go bhfuilim faoi bhrú leis, na daoine a thuigeann cad atá ar siúl agam, deireann siad liom is léir go bhfuil tú ag baint an-taitneamh as.*

(Agallamh IC: B)

D'aontaigh an cohórt iomlán iarchéime gur mhothaigh siad cineál inspreagadh ardchumhachtach sa saol, go háirithe ó thaobh na Gaeilge de. Ba chuid lárnach den saol a bhí

i gceist ina raibh siad gafa leis an sprioc agus inár bhain siad taitneamh as an sprioc a bhaint amach. Chuir an cohórt iomlán in iúl gur thug daoine mórthimpeall orthu an t-inspreagadh ardchumhachtach a bhí ar bun acu faoi deara agus tugadh le fios go gcuirfidís fáilte roimh thréimhse inspreagtha ardchumhachtaigh arís. Sonraíodh sna ceisteanna oscailte gur leis an bpróiseas acadúil a bhain an t-inspreagadh ardchumhachtach don mhórchuid:

> *Táim i mbun tréimhse spreagtha ardchumhachtach faoi láthair mar táim ag tosú amach ar mo thráchtas a scríobh*!
>
> (Ceistneoir IC: 2)

> *Ba sprioc i gcónaí dom é go hacadúil máistreacht a bhaint amach agus is sprioc níos mó é , é a bhaint amach sa Ghaeilge*.
>
> (Ceistneoir IC: 5)

D'fhéadfaí a áiteamh mar sin nach cáilíocht acadúil a spreagann tús a chur le clár ach gurb í an acadúlacht agus a ngabhann léi a chuireann bonn faoin inspreagadh ardchumhachtach i struchtúr éascaitheach an chláir do dhaoine gairmiúla ag leibhéal máistreachta.

**Mothúchánacht dhearfach**

Dúirt níos mó ná leath na mac léinn (57.1%) gur roghnaigh siad an bhunchéim de bharr an bhá a bhí acu don Ghaeilge, rud a léiríonn mothúchánacht dhearfach i dtreo na teanga. I ngrúpa fócais 2, ba léir go raibh mothúcháin an-láidir ag mic léinn agus go raibh sásamh mothúchánach ag baint le bheith ag tabhairt faoin mbunchéim trí mheán na Gaeilge:

> **Faisnéiseoir 2:** *Mothaím bródúil agus sceitimíneach chuile lá chun an Ghaeilge a labhairt…..mothaím sceitimíneach ag teacht chuig mo léachtaí gach lá chun labhairt le mo chairde trí Ghaeilge.*

> **Faisnéiseoir 3:** *Aontaím libh, freisin, táim thar a bheith buíoch go bhfuil an áit seo cruthaithe go bhfuil mé in ann leanúint ar aghaidh le m'oideachas trí Ghaeilge agus labhairt le daoine fiú lasmuigh de leachtaí trí Ghaeilge.*

(Grúpa fócais BC: 2)

Ba léir gur thug an Ghaeilge sásamh mothúchánach do mhac léinn A:

> *Tá mé níos muiníní asam féin nuair atá mé ag labhairt Gaeilge mar is dóigh gurb é an rud a tharlaíonn le daoine leis an dara teanga ná go mbíonn siad níos muiníní astu féin.*

(Agallamh BC: A)

Léiríodh mothúchánacht dhearfach i dtreo na teanga ag leibhéal na hiarchéime chomh maith. Nuair a ceistíodh faisnéiseoirí faoin tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge a labhairt, ba chúrsaí cultúir agus dúchais a bhí chun tosaigh go mór, rud a léiríonn bá i leith chultúr na teanga agus i leith na féiniúlachta.

Ba léir sa chuntas áirithe seo gur bhain maoithneachas idirghlúine le heispéireas an fhaisnéiseora:

> *D'fhreastail mo mháthair, m'uncail, m'aintín ar an gcoláiste céanna agus thaitin an áit go mór leo chomh maith, bhí mé i gcónaí an-dearfach mar gheall ar an áit...Bhí úrscéal ag teastáil uaim agus dúirt m'athair liom nach raibh gá dom é a cheannach mar bhí sé fós aige san áiléar…bhí nótaí ann a bhí scríofa aige féin, thaithin sin go mór liom.*

(Agallamh IC: B)

Léiríonn an sampla thuas an fheidhm atá ag múnlaí teangeolaíocha (múinteoirí, tuismitheoirí, gaolta) i luathchothú an inspreagtha. Is é an pobal cleachtais agus na deiseanna um fhorbairt

ghairmiúil a chuireann struchtúr i bhfeidhm don inspreagadh ardchumhachtach de réir mar a théitear in aois:

> *Tá daoine timpeall orm an-dírithe ar chúrsaí teanga*
>
> (Agallamh IC: A)
>
> *Thosaigh mé amach ar an gcúrsa le grúpa daoine amháin agus teastaíonn uaim chríochnú leis na daoine sin.*
>
> (Agallamh IC: B)

Ní hionann a bheith mothúchánach agus dearfach faoi spriocanna a bhaint amach le linn thréimhse an inspreagaidh ardchumhachtaigh gan admháil go bhfuil dúshláin ag baint leis. Léirigh faisnéiseoirí an-fheasacht mar gheall ar na dúshláin a bhaineann le cothromaíocht a bhaint amach idir an staidéar, an obair agus an saol. D'admhaigh mic léinn iarchéime A agus B go mbeadh orthu a bheith machnamhach maidir le leanúint ag an leibhéal ina bhfuil siad ag feidhmiú anois:

> *Nílim á rá nach ndéanfainn tuilleadh staidéir ach bheadh ort a bheith ullamh chuige agus machnamh a chur isteach ann...De bharr go bhfuil na léachtaí taifeadta, cabhraíonn sin liom chun cothromaíocht a bhaint amach*.
>
> (Agallamh IC: B)
>
> *Tá sé deacair gach rud a chóiméad ag an leibhéal ceart*.
>
> (Agallamh IC: A)

Tá sé tábhachtach mar sin go mbeadh na cúinsí i gceart agus go mbeadh solúbthacht ag baint leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) le linn thréimhsí an spreagaidh adrchumhachtaigh ag leibhéal na hiarchéime.

## Conclúid

Dá mhéad a thuigtear i dtaobh múinteoirí a spreagadh, go háirithe ó thaobh na Gaeilge de, is é is fearr a bheimid in ann cur le hoideachas agus le spreagadh fadsaoil na Gaeilge. Faoi mar a deir Dörnyei et al., "if a DMC is successfully launched, people – and even organisations – can become caught up in it and can move on to new levels of existence or operation" (2014b, lch. 103). Tá fianaise sa staidéar seo go bhfuil lorg an SID le sonrú in eispéireas na mac léinn faoi oiliúint agus eispéaras na mac léinn atá ag tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Tá gá le múnlaí an inspreagtha a chur i bhfeidhm sa chleachtas agus sa chóras oideachais chun dianchonair an inspreagtha a leagan síos. Tá gá níos treise fós le múnlaí an SID i gclár oiliúna tosaigh agus FGL do mhúinteoirí mionteangacha. Is beag eolais atá againn fós ar chórais inspreagtha foghlaimeoirí na mionteanga neamhfhorleithne i dtaighde na teangeolaíochta feidhmí san oideachas (Leeman & King, 2015).

Maidir le hinspreagadh inbhuanaithe a chothú, tá an scéal níos casta. Cé go dtuigtear go mbíonn mic léinn i mbun inspreagadh ardchumhachtach agus cuid acu i mbun an SID ar chlár oiliúna múinteoirí trí Ghaeilge, ní fios go fóill cad a tharlaíonn san fhadtréimhse i ndiaidh don chlár a bheith curtha i gcrích. Moltar go bhfuil níos mó taighde ag teastáil ná saolré an chláir nó polasaí chun go mbeadh spreagadh inbhuanaithe i gceist. D'fhéadfaí cur le heispéiris na mac léinn agus leis an inspreagadh ardchumhachtach inbhuanaithe le scafaill ar leith a mholann na húdair, cuir i gcás: pobail cleachtais níos leithne agus fadbhunaithe, deiseanna ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach i bhfoirm micridhintiúr nó suaitheantas, aitheantas agus gradam ar sheirbhís ghairmiúil, comhdhálacha do mhúinteoirí nua-cháilithe, ceardlanna, grafaic eolais agus físghraific faisnéise ar thábhacht an inspreagtha san fhoghlaim agus oideolaíocht teanga.

Tá féidearachtaí claochlaithe ag baint le múinteoirí mar cheannairí agus tá fís an mhúinteora maidir le hathrú agus maidir le feabhas ag croílár an spreagtha chlaochlaithe seo (Dörnyei & Kubanyiova, 2014), pointe a léirítear go soiléir sna torthaí taighde thuas. Creidtear go bhféadfadh cur chuige an SID féidearthachtaí cumhachtacha a chur i bhfeidhm ó thaobh na Gaeilge de trí mheon agus spreagadh a chothú i leith na teanga ach tá teorainneacha ag baint leis. Tuigtear nach bhfuil gach duine atá spreagtha i leith sprice i mbun an SID (Dörnyei et al., 2014a) ach d'fhéadfadh gnéithe aitheanta an SID agus scafaill inspreagtha do mhúinteoirí cabhrú le soláthraí oideachais múinteoirí agus tacú le múinteoirí chun inspreagadh inbhuanaithe a chothú i leith na teanga sa seomra ranga.

## Tagairtí


Al-Hoorie A.H., & MacIntyre P. (Eag.). (2019). *Contemporary language motivation theory: 60 years since Garner and Lambert (1959)*. Multilingual Matters.

An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2016). *Cosán: Framework for teachers' learning.* https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2023/08/cosan-framework-for-teachers-learning.pdf

An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2017). *Droichead: The integrated professional induction framework*. https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2023/08/droichead-the-integrated-professional-induction-policy.pdf

An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2020). *CÉIM standards for initial teacher education.* https://www.teachingcouncil.ie/professional-learning/initial-teacher-education/

An Roinn Oideachais & Scileanna. (2016). *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*. https://assets.gov.ie/24606/0e2fca7db7ca434d92f97360c1197845.pdf

Armstrong, T.C. (2012). Establishing new norms of language use: The circulation of linguistic ideology in three new Irish-language communities. *Language Policy, 11*(*2*), 145–168. https://doi.org/10.1007/s10993-011-9219-2

Berger, R. (2015). Now I see it, now I don't: Researcher's position and reflexivity in qualitative research. *Qualitative Research*, *15*(*2*), 219–234. https://doi.org/10.1177/1468794112468475

Braun,V., & Clarke, V. (2006). Using thematic analysis in psychology. *Qualitative Research in Psychology*, *3*(*2*), 77–10.1 https://doi.org/10.1191/1478088706qp063oa

Comhairle na hEorpa. (2020). *CEFR Companion Volume*. https://rm.coe.int/common-european-framework-of-reference-for-languages-learning-teaching/16809ea0d4

Csikszentmihalyi, M. (1988). The flow experience and its significance for human psychology. In M. Csikszentmihalyi & I.S. Csikszentmihalyi (Eag.), *Optimal Experience: Psychological Studies of Flow in Consciousness*. 15–35 Cambridge University Press.

Deci, E.L., & Ryan, R.M. (1985). *Intrinsic motivation and self-determination in human behaviour.* Plenum Press.

Dörnyei, Z. (2003). *Questionnaires in second language research: Construction, administration, and processing*. Lawrence Erlbaum Associates.

Dörnyei, Z. (2009). The L2 motivational self system. In Z. Dörnyei & E. Ushioda (Eag.), *Motivation, Language Identity and the L2 Self.* (lgh. 9–11). Multilingual Matters.

Dörnyei, Z., Muir, C., & Ibrahim, Z. (2014a). Directed Motivational Currents: Energising language learning through creating intense motivational pathways. Motivation and foreign language learning: From theory to practice. In D. Lasagabaster, A. Doiz, & J. M. Sierra (Eag.), *Motivation and Foreign Language Learning: From Theory to Practice*. (lgh. 9–29). John Benjamins.

Dörnyei, Z., Ibrahim, Z., & Muir, C. (2014b). ‘Directed Motivational Currents’: Regulating complex dynamic systems through motivational surges. In Z. Dörnyei, P.D. MacIntyre, & A. Henry (Eag.), *Motivational Dynamics in Language Learning*, (lgh. 95–105). Multilingual Matters.

Dörnyei, Z., & Kubanyiova, M. (2014). *Motivating learners, motivating teachers: Building vision in the language classroom*. Cambridge University Press

Dörnyei, Z., Henry, A., & Muir, C. (2016). *Motivational currents in language learning: Frameworks for focused interventions.* Routledge. https://doi.org/10.4324/9781315772714

Dunne, C.M. (2019). Primary teachers’experiences in preparing to teach Irish: Views on promoting the language and language proficiency. *Studies in Self-Access Learning Journal, 10*(*1*), 21–43. https://doi.org/10.37237/100103

Flynn, C. (2020). *Adult minority language learning: Motivation, identity and target variety*. Multilingual Matters.

Harris, J., Forde. P., Archer, P., Nic Fhearaile, S., & O’Gorman, M. (2006). *Irish in primary schools long-term national trends in achievement*. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. https://assets.gov.ie/25368/018d326d9e9d4465a509508d1646e9f5.pdf

Henry, A., Davydenko, S., & Dörnyei, Z. (2015). The anatomy of directed motivational currents: Exploring intense and enduring periods of L2 motivation. *Modern Language Journal*, *99*(*2*), 329–345. https://doi.org/10.1111/modl.12214

Howitt, D. (2019). *Introduction to qualitative research methods in psychology*, Pearson Education.

Jahedizadeh, S., & Al-Hoorie, A.H. (2021) Directed motivational currents: A systematic review. *Studies in Second Language Learning and Teaching*. *11*(*4*), 517–541. https://doi.org/10.14746/ssllt.2021.11.4.3

Koné, K. (2021). Directed Motivational Current benefits to second language learning: Can they facilitate future learning? *MEXTESOL Journal, 45*(*4*), 1–12. https://www.mextesol.net/journal/index.php?page=journal&id_article=26204

Leeman, J., & King, K. A. (2015). Heritage language education: Minority language speakers, second language instruction, and monolingual schooling. In M. Bigelow, & J. Ennser-Kananen (Eag.), *The Routledge handbook of Educational Linguistics* (lgh. 210–223). Routledge.

Locke, E.A., & Latham, G. P. (1990). *A theory of goal setting and task performance.* Prentice Hall.

Mertens, D.M. (2005). *Research and evaluation in education and psychology: Integrating diversity with quantitative, qualitative, and mixed methods*. Sage Publications.

Muir, C., & Gümüş, Ö. (2020). Directed motivational currents: An agenda for future research. *Eurasian Journal of Applied Linguistics, 6*(*3*), 501–519. https://doi.org/10.32601/ejal.834661

Muir, C., & Dörnyei, Z. (2013). Directed Motivational Currents: Using vision to create effective motivational pathways. *Studies in second language learning and teaching, 3*(*3*), 357–375. https://eric.ed.gov/?id=EJ1135840

Muir, C. (2020). *Directed motivational currents and language education: Exploring implications for pedagogy*. Multilingual Matters.

Murillo-Miranda, C. (2019). Directed Motivational Currents: A case study of EFL students in a Costa Rican language centre. *International Journal of Education and Research, 7*(*12*), 45–58. https://www.ijern.com/journal/2019/December-2019/05.pdf

Ní Chlochasaigh, K. (2014). *Staidéar ar fhoghlaimeoirí éifeachtacha na Gaeilge ar an dara agus ar an tríú leibhéal* [Tráchtas Dochtúireachta, Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí]

COGG. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/karen-ni-chlochasaigh-trachtas-dochtuireachta.pdf

Ní Chlochasaigh, K. (2020). Ag cothú na foghlama teanga éifeachtaí i gcás shealbhú an TX sa chóras oideachais: Cás na Gaeilge. *Léann Teanga: An Reiviú*, *8*, 75–96. https://doi.org/10.13025/405r-3h45

Ní Chlochasaigh, K., & Ó Ceallaigh, T.J. (2023, 3–5 Iúil). *Defining features of effective professional development for immersion teachers*. [Cur i láthair comhdhála]. 15th Annual International Conference on Education and New Learning Technologies, Palma, An Spáinn. https://conferencealerts.com/show-event?id=250038

Ní Dhonnchadha, C. (2021). *Céard iad na cúinsí inspreagtha a bhain le cinneadh mhic léinn tabhairt faoin mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge*? [Tráchtas Máistreachta neamhfhoilsithe (M.Oid)]. Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

Ní Thuairisg, L., & Ó Duibhir, P. (2019). *Teacht in inmhe.* SEALBHÚ. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Teacht-in-Inmhe.pdf

Ó Ceallaigh, T.J., & Ní Chathasaigh, C. (2021). Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Préamh agus guairne an chleachtais. *Léann Teanga: An Réiviú*, *9*, 89–102. https://doi.org/10.13025/ej0y-nm03

Ó Duibhir, P. (2009). *The spoken Irish of sixth-class pupils in Irish immersion school*, [Tráchtas Dochtúireachta, Coláiste na Tríonóide, Bhaile Átha Cliath] COGG. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/The-spoken-Irish-of-sixth-class-pupils-in-Irish-immersion-schools.pdf

Safdari, S., & Maftoon, P. (2017). The rise and fall of directed motivational currents: A case study. *Journal of Language Teaching and Learning*, 7(1), 43–54. https://www.jltl.com.tr/index.php/jltl/article/view/36/59

Sak, M. (2019). Contextual factors that enhance and impair directed motivational currents in instructed l2 classroom settings. *Novitas-ROYAL (Research on Youth and Language)*, *13*(*2*), 155–174. https://eric.ed.gov/?id=EJ1231981

Tracy, S.J. (2019). *Qualitative research methods: Collecting evidence, crafting analysis, communicating impact*. Wiley: Blackwell.

Zimbardo, P.G., & Boyd, J.N. (1999). Putting time in perspective: A valid, reliable, individual-differences metric. *Journal of Personality and Social Psychology* 77 (6), 1271–1288. https://psycnet.apa.org/doi/10.1037/0022-3514.77.6.1271